Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

## ROADS

### REPAIR AND REHABILITATION OF ARDCAHAN BRIDGE (R587), ARDCAHAN, COUNTY CORK.

Pursuant to Section 177AE of the Planning and Development Act 2000 (as amended) and the requirements of the planning and Development Regulations 2001 (as amended), notice is hereby given that Cork County Council proposes to make an application for approval to An Bord Plenala for the following development:

**Rehabilitation works of an existing structure at Ardcahan Bridge to allow corrosion repairs and minor parapet repairs within the bridge structure, deck works to repair the road surfacing and temporary site compound at Ardcahan Bridge, Ardcahan, Co. Cork.**

A Natura Impact Statement has been prepared in respect of the proposed development.

The Board may, in relation to an application for approved under section 177AE of the Planning and Development Act 2000, as amended, give approval to the application for development with or without conditions or may refuse the application for development.

The Natura Impact Assessment, together with Plans and Particulars of the proposed development will be available for inspection free of charge or may be purchased on payment of a small fee (which fee shall not exceed the reasonable cost of making such a copy) during normal office hours 09.30am-5.00pm Monday to Friday (excluding bank holidays), during the period from 19th April 2024 to the 30th May 2024 inclusive at the following locations;

- The offices of An Bord Pleanala 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902
- Cork County Council, County Hall Foyer, Carrigrohane Road, Cork, T12 R2NC - between the hours of 9.00am and 5.00pm
- Cork County Council Municipal District Offices – Swimming Pool Complex, Bantry Road, Dunmanway, Co. Cork, P47 EV67 - between the hours of 9.00am to 1.00pm and 2.00 pm to 5.00pm.
  Or
- Online at **https://www.corkcoco.ie/en/resident/planning-and-development/public-consultations/active-part-xab-development-consultation/active-part-xab-development-consultation**

Submissions or observation regarding the proposed development may be made in writing to An Bord Pleanala in relation to;

i. The likely effects on the environment of the proposed development
ii. The implications of the proposed development for proper planning and sustainable development in the area in which it is proposed to situate the proposed development; and
iii. The likely significant effects of the proposed development on a European Site, if carried out.

Submissions or observations should be made in writing to An Bord Plenala, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902, not later than 5.00pm on 30th May 2024.

Any enquiries relating to the application process should be directed to the Strategic Infrastructure Development Section of An Bord Pleanála (Telephone: 01 8588100).

A person may question the validity of any such decision of the Board by way of an application for judicial review, under Order 84 of the Rule of the Superior Courts (S.I. No. 15 of 1986, as amended by S.I. No 691 of 2011), in accordance with Section 50 of the Planning and Development Act, 2000, as amended.

Practical information on the review mechanism can be accessed on the Board's website **www.pleanala.ie** or on the Citizens Information Service website, **www.citizeninformation.ie**

**Liam Ahearn, Senior Engineer,
Regional & Local Roads Design Office.
Dated 12th April 2024.**

## BÓITHRE

### DEISIÚ AGUS ATHSHLÁNÚ DHROICHEAD ARD CEACHAN (R587), ARD CEACHAN, CO. CHORCAÍ..

Tugtar fógra leis seo, de bhun Alt 177AE den Acht Ple anála agus Forbartha, 2000 (arna leasú) agus de bhun cheanglais na Rialachán Pleanála agus Forbartha, 2001 (arna leasú), go bhfuil sé i gceist ag Comhairle Contae Chorcaí iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chead le haghaidh na forbartha seo a leanas:

**Oibreacha athshlánúcháin ar struchtúr atá ann cheana ag Droichead Ard Ceachan le gur féidir deisiúcháin chreimthe agus miondeisiúcháin uchtbhalla a dhéanamh laistigh de struchtúr an droichid, oibreacha deice le dromchla an bhóthair a dheisiú agus láithreán sealadach ag Droichead Ard Ceachan, Ard Ceachan, Co. Chorcaí.**

Ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura maidir leis an bhforbairt atá beartaithe.

Féadann an Bord, i ndáil le hiarratas ar chead faoi alt 177AE den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, cead a thabhairt don iarratas ar fhorbairt le coinníollacha nó gan iad, nó féadann sé diúltú don iarratas ar fhorbairt.

Beidh an Measúnú Tionchair Natura, mar aon le Pleananna agus Sonraí na forbartha atá beartaithe, ar fáil lena n-iniúchadh saor in aisce, nó féadfar iad a cheannach ar tháille bheag (nach mó na an costas réasúnach chun cóip a dhéanamh), le linn na ngnáthuaireanta oifige, 9:30 r.n. go 5:00 i.n., ó Luan go hAoine (gan laethanta saoire bainc a áireamh),idir an 19 Aibreán 2024 agus an 30 Bealtaine 2024, agus an dá lá sin san áireamh, ag na suíomhanna seo a leanas:

- Oifigí an Bhoird Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902
- Comhairle Contae Chorcaí, Forhalla Áras an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 R2NC - 9:00 r.n. go 5:00 i.n.
- Oifigí Cheantar Bardasach Chomhairle Contae Chorcaí – Coimpléasc na Linne Snámha, Bóthar Bheanntraí, Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí, P47 EV67 - 9:00 r.n. go 1:00 i.n. agus 2:00 i.n. go 5:00 i.n.
  Nó
- Ar Líne ag **https://www.corkcoco.ie/en/resident/planning-and-development/public-consultations/active-part-xab-development-consultation/active-part-xab-development-consultation**

Féadtar aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord Pleanála chomh fada is a bhaineann siad le:

i. Na tionchair is dócha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an timpeallacht
ii. Impleachtaí na forbartha beartaithe ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inbhuanaithe sa cheantar a bhfuil sé beartaithe an fhorbairt bheartaithe a shuí; agus
iii. Na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar Láithreán Eorpach, má dhéanfar í.

Ba cheart aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902, tráth nach déanaí ná 5.00 i.n. an 30 Bealtaine 2024.

Má bhíonn aon cheist agat faoin bpróiseas déanta iarratais, déan teagmháil le Rannóg Forbartha Infreastruchtúir Straitéisigh an Bhoird Pleanála (Fón: 01 8588100).

Is féidir le duine bailíocht aon chinnidh den sórt sin arna dhéanamh ag an mBord a cheistiú ach iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ord 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú le I.R. Uimh. 691 de 2011), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe a fháil ar shuíomh Idirlín an Bhoird Pleanála, **www.pleanala.ie**, nó ar shuíomh Idirlín an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, **www.citizeninformation.ie**.

**Liam Ahearn, Innealtóir Sinsearach,
Oifig Dhearaidh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
Arna dhátú an 12 Aibreán 2024.**

*Bailíonn Comhairle Contae Chorcaí faisnéis phearsanta ionas gur féidir le Comhairle Personal Information may be collected by Cork County Council to enable the processing of your submission/ enquiry. Cork County Council can legally process this information as necessary to comply with its statutory/legal obligations. Such information will be processed in line with the Council's privacy statement which is available at www.corkcoco.ie*

*Contae Chorcaí do aighneacht/agóid a phróiseáil. Go dlíthiúil, is féidir linn an fhaisnéis seo a phróiseáil mar is gá chun a chuid oibleagáidí reachtúla/dlíthiúla a chomhlíonadh. Próiseáilfear an faisnéis seo i líne lenár ráiteas príobháideachas atá at fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.corkcoco.ie*